snasTV
NUACHT TG4

# Léiriú damhsa faoin bPalaistín

Meánleibhéal 2 (B2)


## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi léiriú damhsa faoin bPalaistín darb ainm *Floating on a Dead Sea*. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. Féach ar an réamhbhlaiseadh den léiriú *Floating on a Dead Sea* anseo. Léirítear an saol sa Phalaistín roimh an 7 Deireadh Fómhair 2023. Conas a bhí an saol ag an am sin, dar leat?

Féach ar an bhfíseán anseo.

2. Imeartas focal (*pun*) atá sa teideal *Floating on a Dead Sea.* An féidir leat é a mhíniú?
3. Féach ar an léarscáil agus líon na bearnaí sna logainmneacha sa bhosca.




1. An Bruach T______
2. I________
3. S______ Gaza
4. Rama__________
5. Iar_________
6. An Mhuir ________
7. ___________ na hIordáine

4. Cad a tharla in Iosrael ar an 7 Deireadh Fómhair 2023?
5. Conas atá an saol laethúil sa cheantar ón dáta sin ar aghaidh, dar leat?

# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *finishing-point, destination* | |
| b) *tour (music, theatre srl.)* | |
| c) *to be dependent on something* | |
| d) *will be cured, healed* | |
| e) *violence* | |
| f) *compromise* | |
| g) *renowned dance troupe* | |
| h) *pieces, bits* | |
| i) *campaign* | |
| j) *strengthening, growing* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin?

_______________________________________________

3. Beidh go leor focal le cloisteáil sa mhír ar ball, a chuireann síos ar mhuintir na Palaistíne. Cén Ghaeilge atá ar na cinn seo thíos?

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| *dignity* | | *humanity* | | *nobility* | |

4. Conas a deirtear an frása thíos in nGaeilge?

| | |
|---|---|
| *You get used to it.* | |

# C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

| |
|---|
| 1. Cad é a bhfuil an dráma faoi? |
| |
| 2. Conas a dhéanfá cur síos ar an dráma? |
| |
| 3. Cén fáth ar thaistil Catherine Young go dtí Ramallah agus cathain? Cé a bhí léi? |
| |
| 4. Cad a bhí le rá ag Colm Ó Snodaigh faoin bhforéigean? |
| |
| 5. Cad a bhí le rá ag Colm Ó Snodaigh faoin damhsa comhaimseartha? |
| |
| 6. Cén fáth a gceapann na léiritheoirí go bhfuil sé tábhachtach go bhfeicfeadh na hÉireannaigh an dráma seo? |
| |
| 7. Cén t-eolas a thugtar sa mhír faoin gcamchuairt? |
| |



Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an réamhfhocal simplí ‘ar’)

a) Pléigh na rialacha thíos leis an duine in aice leat:

Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann ‘ar’ nuair is ionad faoi leith é. Mar shampla:

Tá an eochair ar b**h**arr na teilifíse. / An bhfaca tú an cóta a bhí ar S**h**eán?

Ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann ‘ar’ nuair:

| | |
|---|---|
| is ionad ginearálta é. | Tá na hiascairí **ar muir**.<br>Bhí na hiascairí **ar tír** de bharr na drochaimsire. |
| is staid/coinníoll é. | Cad atá **ar siúl**?<br>Cuireadh an cruinniú **ar ceal**. |
| a bhíonn am i gceist. | Bhí tuirse orm **ar maidin**.<br>Beidh sé anseo **ar ball**. |

b) Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus cuir séimhiú ar an ainmfhocal más cuí.

| |
|---|
| Caithfimid teacht ar (comhréiteach) _______________. |
| Ní dóigh liom go bhfuil sí ar (conradh) _______________. |
| Tóg an dara sráid ar (deis) _______________. |
| Cá bhfuil an dráma ar (siúl) _______________? |
| Bíonn sé de shíor ag caitheamh anuas ar (daoine) _______________. |
| Níor tháinig aon duine ar (deireadh) _______________. |
| Bhí m’athair ar (buile) _______________ nuair a chonaic sé an drochbhail a bhí air. |

## 2: Saibhreas Teanga (lá i ndiaidh lae)

Is minic focal a bheith i nathanna cainte na Gaeilge faoi dhó. Cuirigí na cinn thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

| | |
|---|---|
| lá i ndiaidh lae | |
| iontas na n-iontas | |
| ar eagla na heagla | |
| céim ar chéim | |
| thuas seal thíos seal | |

# E: CUMARSÁID

## 1: Scríobh

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Tá an deis agaibh agallamh a chur ar dhuine de na damhsóirí Palaistíneacha a bhí sa léiriú *Floating on a Dead Sea*. Scríobhaigí ceisteanna bunaithe ar na topaicí seo thíos. Bígí tuisceanach agus sibh ag scríobh ceisteanna faoin gcogadh.

- ✓ an léiriú *Floating on a Dead Sea*
- ✓ na healaíona traidisiúnta
- ✓ codarsnacht idir na healaíona traidisiúnta ansin agus na healaíona traidisiúnta in Éirinn
- ✓ bia agus deoch
- ✓ an saol laethúil roimh an 7 Deireadh Fómhair 2023
- ✓ an saol laethúil anois
- ✓ ról na meán sóisialta chun daoine a chur ar an eolas faoin saol sa Phalaistín faoi láthair

## 2: Caint A

Is sibhse na damhsóirí Palaistíneacha agus caithfidh sibh teacht aníos le freagraí na gceisteanna a chum sibh féin. Ní gá dul i bhfad scéil leis na freagraí. Is leor an t-eolas a thugtar sa mhír nuachta agus sa réamhbhlaiseadh. Chun blaiseadh beag eile a fháil ar na healaíona traidisiúnta, féachaigí ar na físeáin bheaga seo. Ní gá féachaint orthu ina n-iomláine:

Tatreez (bróidnéireacht): anseo

Damhsa agus ceol Dabkeh: anseo

Hikaye (seanchas): anseo

## 3: Caint B

Má bhíonn an t-am agaibh, déanaigí rólghníomhaíocht – iriseoir ag cur agallamh ar dhamhsóir Palaistíneach.

# AN SCRIPT

**Maolra Mac Donnchadha**
Tá an taispeántas *Floating on a Dead Sea,* a dhéanann cur síos ar shaol na ndaoine ar an mBruach Thiar sa Phalaistín, ag teacht chun ceann scríbe tar éis camchuairt náisiúnta. Le cuidiú ón gComhairle Ealaíon, tá damhsa comhaimseartha agus ceol beo sa léiriú, chomh maith le scannán a deineadh[1] sular thosaigh an cogadh sa tír an t-am seo anuraidh.

**Sorcha Ní Mhonacháin**
*Floating on a Dead Sea*. Imeartas focal atá i dteideal an tseó seo, a chruthaigh Catherine Young ar a barúil féin atá saol laethúil na bPalaistíneach, atá ina gcónaí ar Bhruach Thiar na hIordáine agus a bhfuil a saol agus a saoirse i dtuilleamaí réimeas Iosrael.

Thaistil Catherine agus an scannánóir Luca Truffarelli go Ramallah agus oirthear Iarúsailéim in 2019 agus thaifead siad saol ealaíontóirí, ceoltóirí agus damhsóirí ar an Bhruach Thiar[2].

**Colm Ó Snodaigh, Ceoltóir, *Floating on a Dead Sea***
Bhuel, an rud a dúirt Catherine liomsa ná, "Níl aon fhoréigean sa seó" agus sin an rud is tábhachtaí mar ní leigheasfar aon rud faoi láthair le foréigean. Tá sé sin ana-shoiléir[3]. Bhí an fhadhb chéanna againn sa tuaisceart. Ní leigheastar é ach le caint agus le suí síos agus le comhréiteach. Agus…i ndamhsa nó sna healaíona, tá dínit, tá daonnacht agus is tríd sin a thagann tú ar chomhréiteach.

**Sorcha Ní Mhonacháin**
Tá ceathrar damhsóirí Palaistíneacha as an gcompántas iomráiteach El-Funoun ar an ardán.

**Colm Ó Snodaigh, Ceoltóir, Floating on a Dead Sea**
Tá scannán ann roimh ré agus tríd an damhsa chomh maith: tá giotaí cainte agus giotaí scríofa ann chomh maith: *so*, b'fhéidir go bhfuil sé níos éasca ar dhaoine dul isteach ar an damhsa comhaimseartha. Mar an gcéanna, tá an damhsa comhaimseartha deacair ormsa dul isteach air ach, bhíos ag labhairt le mo dheartháir Rossa agus dúirt sé sin liom, "Caithfidh tú glacadh leis gur *impression* é."

**Sorcha Ní Mhonacháin**
Cúig bliana ó shin, sular thosaigh an feachtas is déanaí ag arm Iosrael isteach sa Bhruach Thiar, a rinneadh an scannánaíocht atá ina cuid den seó seo. Anois, agus bacanna[4] Iosrael ar ghnáthshaol mhuintir na Palaistíne ar an Bhruach Thiar ag treisiú lá i ndiaidh lae, deir léiritheoirí an tseó seo go bhfuil sé tábhachtach go bhfeicfeadh daoine anseo in Éirinn an dínit agus an uaisleacht a léiríonn muintir na Palaistíne fríd[5] na healaíona. Beidh an seó le feiceáil i nGlór in Inis arú amárach agus sa *Pavilion* i nDún Laoghaire oíche Shathairn.

Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4 i nGaillimh.

---

[1] deineadh = leagan canúnach de 'rinneadh'

[2] Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.

[3] 'an-soiléir' a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil

[4] bacanna = leagan canúnach de 'baic'

[5] fríd = leagan canúnach de 'trí'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Eolas breise agus freagraí thíos:

1. Ar an 7 Deireadh Fómhair 2023, rinne Hamas, an grúpa míleata a rialaíonn Gaza, ionsaí mórscála gan choinne ar dheisceart Iosrael.
2. Mar fhreagra air sin, thosaigh Iosrael ionsaí míleata, ag díriú ar phoist Hamas, ar an mbonneagar agus ar an bpobal sa Phalaistín.
3. In Iosrael: maraíodh thart ar 1,200 duine, timpeall 800 sibhialtach ina measc.
4. Sa Phalaistín: maraíodh os cionn 44,000 Palaistíneach agus níos mó ná 16,500 acu sin ina leanaí.

1. An Bruach Thiar
2. Iosrael
3. Stráice Gaza
4. Ramallah
5. Iarúsailéim
6. An Mhuir Mharbh
7. Abhainn na hIordáine

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| a) *finishing-point, destination* | *ceann scríbe* |
| b) *tour (music, theatre srl.)* | *camchuairt* |
| c) *to be dependent on something* | *i dtuilleamaí ruda* |
| d) *will be cured, healed* | *leigheasfar* |
| e) *violence* | *foréigean* |
| f) *compromise* | *comhréiteach* |
| g) *renowned dance troupe* | *compántas iomráiteach* |
| h) *pieces* | *giotaí* |
| i) *campaign* | *feachtas* |
| j) *strengthening, growing* | *ag treisiú* |

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.
3. Freagraí:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| *dignity* | dínit | *humanity* | daonnacht | *nobility* | uaisleacht |

4. Freagraí:

| | |
|---|---|
| *You get used to it.* | Téann tú i dtaithí air. / Tagann tú isteach air. / Éiríonn tú cleachta leis. |

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an réamhfhocal simplí 'ar')

a) Tabhair deis dóibh na rialacha a phlé le chéile.
b) Freagraí:

| |
|---|
| Caithfimid teacht ar c**h**omhréiteach. |
| Ní dóigh liom go bhfuil sí ar conradh. |
| Tóg an dara sráid ar d**h**eis. |
| Cá bhfuil an dráma ar siúl? |
| Bíonn sé de shíor ag caitheamh anuas ar d**h**aoine. |
| Níor tháinig aon duine ar deireadh. |
| Bhí m'athair ar buile nuair a chonaic sé an drochbhail a bhí air. |

## 2: Cruinneas gramadaí (lá i ndiaidh lae)

| | |
|---|---|
| lá i ndiaidh lae | *day after day* |
| iontas na n-iontas | *shock horror, astonishingly* |
| ar eagla na heagla | *just in case* |
| céim ar chéim | *step by step* |
| thuas seal thíos seal | *highs and lows* |

## E. CUMARSÁID

### 1: Scríobh

Tabhair deis do gach beirt na ceisteanna a chumadh. Seo ceisteanna samplacha:

Ar thaitin sé leat a bheith mar chuid den léiriú damhsa *Floating on a Dead Sea*? Cén fáth?
Cén fáth a bhfuil a leithéid de léiriú tábhachtach, go háirithe faoi láthair?
Cad iad na healaíona traidisiúnta sa Phalaistín? An féidir leat cur síos a dhéanamh orthu?
Cén tábhacht a bhaineann leis na healaíona traidisiúnta i do thír?
An bhfuil ealaíona traidisiúnta na Palaistíne cosúil le healaíona traidisiúnta na hÉireann? Conas?
An féidir leat cur síos a dhéanamh ar bhia agus ar dheoch na Palaistíne?
Conas a bhí an saol laethúil roimh an 7 Deireadh Fómhair 2023?
Conas atá sé difriúil anois?
An gcuidíonn na meáin shóisialta le daoine a chur ar an eolas faoin gcogadh nó an gceapann tú go mbíonn eolas míchruinn á scaipeadh go minic?

### 2: Caint A

Abair leo freagraí na gceisteanna a phlé le chéile. Ní bheifeá ag súil go mbeadh níos mó eolais acu ná an méid a chonaic siad sa dá mhír. Tabhair deis dóibh, mar sin féin, féachaint ar na físeáin bheaga chun blaiseadh a fháil de na healaíona sin.

### 2: Caint B

Iarr orthu an rólghníomhaíocht a dhéanamh má tá an t-am ann.

Ollscoil Mhá Nuad Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge Taighde, Teagasc & Tástáil | Foghlaim TG4 | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta